CINNEADH (AE) 2020/2187 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Nollaig 2020

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2021 a ghlacadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ("TCT") i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle ([1]). An 4 Márta 2019, rinne an tAontas é a fhormheas trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle ([2]). Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagal 35 TCT, tá Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair ("an Coiste Stiúrtha") le buiséad an Chomhphobail Iompair a ghlacadh gach bliain. De réir Airteagal 35 TCT, tugtar de chumhacht freisin don Choiste Stiúrtha cinntí a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme.

(3) Tá an Coiste Stiúrtha le cinneadh a ghlacadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2021 le linn an chruinnithe a bheidh aige i mí na Nollag 2020 nó, mura dtugtar aghaidh ar an mír sin den chlár oibre le linn an chruinnithe sin, le linn an chruinnithe ina dhiaidh sin.

(4) Tá gá le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2021 atá beartaithe ionas go bhfeidhmeoidh comhlachtaí an Chomhphobail Iompair go cuí. Cumhdaítear leis na costais le haghaidh acmhainní daonna, taistil, trealamh agus bogearraí TF, chomh maith le caiteachas oibríochtúil amhail staidéir, cúnamh teicniúil agus eagrú comhdhálacha agus cruinnithe.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bhunú, ós rud é go bhfuil cinneadh den sórt sin riachtanach d'fheidhmiú Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, agus beidh éifeachtaí dlíthiúla aige i leith an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair don bhliain 2021 bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha ([3]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

([2]) Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

([3]) Féach doiciméad ST 11356/20 ar http://register.consilium.europa.eu